Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2022
(OR. en)**

**11980/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0242(NLE)**

**PROBA 28
AGRI 391
WTO 154**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 413 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) i dtaca le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 413 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 413 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.8.2022
COM(2022) 413 final

2022/0242 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) i dtaca le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('IOC') i dtaca le haontachas Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird ('an Comhaontú').

### 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### 2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird ('an Comhaontú') (i) féachaint le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha olaí olóige, olaí prabhaite olóige agus ológ boird chun aon bhacainn trádála a chosc (ii) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí i réimse na tástála fisiciceimicí agus orgánaileiptí chun cur leis an eolas maidir le comhdhéanamh agus saintréithe cáilíochta táirgí olóige, d'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta a chomhdhlúthú, agus (iii) ról Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a neartú mar fhóram barr feabhais don chomhphobal eolaíoch idirnáisiúnta i réimse na n-ológ agus na hola olóige.

Tháinig leagan athnuaite an Chomhaontaithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chomhaontú[1].

#### 2.2. Comhairle na gComhaltaí

Is í Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') an t-údarás agus an comhlacht cinnteoireachta is airde de chuid IOC agus déanfaidh sí na cumhachtaí agus na feidhmithe sin go léir is gá a fheidhmiú chun cuspóirí an Chomhaontaithe sin a bhaint amach. Mar pháirtí sa Chomhaontú, is comhalta é an tAontas Eorpach de IOC agus déantar ionadaíocht thar a cheann i gComhairle na gComhaltaí. Is de chomhthoil a ghlacfar cinntí Chomhairle na gComhaltaí maidir le haontachas comhalta nua. De bhun Airteagal 10(4)(b) den Chomhaontú, mura féidir teacht ar chomhthoil laistigh den teorainn ama arna leagan síos ag Cathaoirleach Chomhairle na gComhaltaí, caithfidh na comhaltaí vóta ina thaobh. Measfar an cinneadh a bheith glactha nuair a bheidh tromlach na gcomhaltaí ar a laghad, ar comhionann an tromlach sin agus 86 faoin gcéad de sciartha rannpháirtíochta na gcomhaltaí ar a laghad, ina fhabhar.

Tá 18 gcomhalta ag IOC faoi láthair agus tá 678 sciar rannpháirtíochta ag an Aontas Eorpach as 1000 sciar san iomlán.

#### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhairle na gComhaltaí

Tar éis iarratas foirmiúil Ríocht na hAraibe Sádaí an 8 Márta 2022 chun aontú don Chomhaontú, meastar go nglacfaidh Comhairle na gComhaltaí, le linn seisiún de Chomhairle na gComhaltaí amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag

[1] Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2) agus Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú, cinneadh maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí.

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe na coinníollacha maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí de bhun Airteagal 29 den Chomhaontú a leagan síos.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe tríd an gcothromaíocht cinnteoireachta laistigh de Chomhairle na gComhaltaí a athrú nuair nach nglactar le cinntí trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cé go bhfuil táirgeacht bhliantúil ola olóige fós measartha i Ríocht na hAraibe Sádaí, tá méadú leanúnach ag teacht ar a tomhaltas le deich mbliana anuas[2]. Ar an gcaoi chéanna, tá táirgeadh bliantúil ológ boird i Ríocht na hAraibe Sádaí fós íseal, cé go bhfuil a dtomhaltas i bhfad níos airde[3].

Maidir leis an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an iascaireacht, tuairiscíodh an breisluach (% de OTI) san Araib Shádach ag 2.6 % de OTI in 2020[4]. Le 10 mbliana anuas, is mór an dul chun cinn atá déanta in earnáil na n-ológ, go háirithe i réigiúin thiar thuaidh na tíre.

Ós rud é go bhfuil a hearnáil ológ á forbairt ag Ríocht na hAraibe Sádaí a mhéid a bhaineann le tomhaltas agus go bhfuil sé i gceist aici a táirgeacht a fhorbairt, treiseoidh aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí IOC faoi choinníollacha áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saintréithe táirgí olóige chun aon bhacainn ar thrádáil a sheachaint. Tá an t-aontachas sin ag teacht le cuspóirí bheartas an Aontais a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin maidir le margaíocht táirgí talmhaíochta mar a fhoráiltear i dTeideal II de Chuid II de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

Leagfar síos le cinneadh atá le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí na coinníollacha maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí i leith na sciartha rannpháirtíochta de IOC agus na teorann ama chun an ionstraim aontachais a thaisceadh.

Ríomhtar sciartha rannpháirtíochta na gComhaltaí a úsáidtear chun ranníocaíochtaí airgeadais agus cearta vótála a shocrú de réir na foirmle a shonraítear in Airteagal 11 den Chomhaontú. Déanfaidh an tAontas a áirithiú go mbainfear úsáid as an bhfoirmle sin agus sciartha rannpháirtíochta Ríocht na hAraibe Sádaí á sainiú.

Tacóidh an tAontas le haon teorainn ama chun an ionstraim aontachais a thaisceadh a ligfeadh do Ríocht na hAraibe Sádaí aontú don Chomhaontú gan mhoill. Má chuirtear moill ar thaisceadh na hionstraime, féadfaidh an tAontas, i gcinntí ina dhiaidh sin a bheidh le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí, tacú le síneadh a chur leis an tréimhse chun an ionstraim a thaisceadh.

---

2 De réir na bhfigiúirí a d’fhoilsigh Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg, shroich táirgeadh bliantúil ola olóige i Ríocht na hAraibe Sádaí thart ar 3 000 tona, agus tháinig méadú ar thomhaltas bliantúil ola olóige ó 15 000 tona sa bhliain mhargaíochta 2010/11 go 33 000 tona sa bhliain mhargaíochta 2020/21.

3 De réir na bhfigiúirí a d’fhoilsigh Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg, d’fhan táirgeadh bliantúil ológ boird i Ríocht na hAraibe Sádaí cobhsaí ag thart ar 4 500 tona sna blianta margaíochta deireanacha, cé gur fhan tomhaltas bliantúil ológ boird cobhsaí freisin, ach ag thart ar 32 500 tona.

4 De réir bhailiúchán táscairí forbartha an Bhainc Dhomhanda.

5 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.).

Agus an próiseas cinnteoireachta laistigh de Chomhairle Chomhaltaí IOC á chur san áireamh, is gá an seasamh ón Aontas chun na coinníollacha maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí a leagan síos.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí leis an nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[6].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhairle na gComhaltaí arna chur ar bun le comhaontú, eadhon an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird.

An gníomh a iarrtar ar Chomhairle na gComhaltaí a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Tá éifeachtaí dlíthiúla ag an ngníomh atá beartaithe, go háirithe toisc go ndéanfaidh sé difear don chothromaíocht cinnteoireachta laistigh de Chomhairle na gComhaltaí nuair nach nglactar le cinntí trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Chomhaontú[7].

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atáthar a mholadh.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar

---

6 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

7 D'fhéadfaí gníomhartha de chuid Chomhairle na gComhaltaí a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta óla olóige a ghlacadh gan chomhthoil, tá siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 20(3) den Chomhaontú agus d'fhéadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon: gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme atá bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0242 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) i dtaca le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892[1] ón gComhairle an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de agus thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019[2].

(2) De bhun Airteagal 29 den Chomhaontú, tá Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') chun na coinníollacha maidir le haontachas Rialtais leis an gComhaontú a leagan síos.

(3) Rinne Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí iarratas foirmiúil ar aontú don Chomhaontú. Ba cheart a iarraidh ar Chomhairle na gComhaltaí, dá bhrí sin, le linn seisiún amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú, na coinníollacha maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí a leagan síos, i leith na sciartha rannpháirtíochta de IOC agus na teorann ama chun an ionstraim a thaisceadh.

(4) Ós rud é go bhfuil a hearnáil ológ á forbairt ag Ríocht na hAraibe Sádaí a mhéid a bhaineann le tomhaltas agus go bhfuil sé i gceist aici a táirgeacht a fhorbairt, d'fhéadfadh a haontachas IOC a threisiú faoi choinníollacha áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saintréithe táirgí olóige chun aon bhacainn ar thrádáil a sheachaint.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a leagan síos ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na cinntí atá le glacadh ar an Aontas trí dhifear a dhéanamh don chothromaíocht cinnteoireachta

[1] Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2).

[2] Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

laistigh de Chomhairle na gComhaltaí nuair nach nglacfar le cinntí trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg le linn seisiún amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*